



An Coimisiún
Eorpach

BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ FÍS EORPACH

#EUBudget #HorizonEU



7 Meitheamh 2018

MAINIÚ ÓN AONTAS EORPACH DON TAIGHDE AGUS DON NUÁLAÍOCHT 2021-2027

An infheistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht, is infheistíocht i dtodhchaí na hEorpa atá ann. Bíonn sé ina chuidiú dúinn san iomaíocht dhomhanda, agus i mbuanú an mhúnla shóisialta uathúil atá againn. Cuireann sé feabhas ar an saol laethúil a chaitheann na milliúin daoine anseo san Eoraip agus ar fud an domhain, agus tá sé ina chúnaimh le cuid de na dúshláin shochacha is mó dá bhfuil againn a réiteach.

Le tuilleadh fós a chur le gach a bhfuil bainte amach go n-uige seo ag na tograí suaitheanta taighde agus nuálaíochta a bhí ag an Aontas Eorpach, is é atá molta ag an gCoimisiún buiséad €100 billiún ó 2021-2027 don chlár Fís Eorpach agus do chlár Euratom um Thaighde agus um Oiliúint.



PRÍOMHGHNÉITHE CHLÁR 'FÍS EORPACH'

Is éard atá molta le Fís Eorpach an clár maoinithe sa taighde agus sa nuálaíocht is uailmhianaí dá raibh ann riamh. Leanfaidh sé air ag brú feabhas eolaíochta na hEorpa chun cinn tríd an gComhairle Eorpach um Thaighde, agus trí chomhaltachtaí agus malartuithe Marie Skłodowska-Curie, agus ag baint leasa as comhairle eolaíochta, as tacaíocht theicniúil, agus as taighde thiomanta an Airmheáin Chomhpháirtigh Thaighde. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé leibhéal eile leis an uailmhian atá ann, agus cuirfidh sé biseach ar an tionchar eolaíochta, eacnamaíochta, agus sochaíoch a bhíonn ag maoiniú an Aontais Eorpaigh.



Neartóidh sé an eolaíocht agus an teicneolaíocht atá ag an Aontas Eorpach, a bhuíochas sin don mhéadú infheistíochta i ndaoine ar ardscileanna, agus sa taighde barr ceannródaíochta;



Cothóidh sé iomaíochas tionsclaíoch an Aontais Eorpaigh agus a chuid feidhmíochta sa nuálaíocht, go háirithe le tacaíocht don nuálaíocht a mbíonn margaí nua ann dá mbarr trí bhithin Na Comhairle Eorpaí na Nuálaíochta agus an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht;



Cuirfidh sé toradh ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh ar an athrú aeráide, agus rachaidh sé i ngleic leis na dúshláin dhomhanda a théann i gcion ar ár saol laethúil.



CÉN SCÉAL NUA?



Tacú leis an nuálaíocht cheannródaíoch



Cur leis an tionchar a bhíonn ann trí threorú na misean agus lámh na saoránach san obair



An oscailteacht a threisiú



Na réimsí maoinithe a shimpliú



An t-ualach riaracháin a laghdú



An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach

Misin Taighde agus Nuálaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh

Beartas na heolaíochta oscailte

Cur chuige nua i leith Páirtíochtaí

Simpliú na Rialacha



An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach: Ionad ilfhreastail leis na smaointe is mó a bhfuil gealladh fúthu a thabhairt ón tsaotharlann chomh fada lena gcur i bhfeidhm sa saol féin, agus tacú le cuideachtaí nuathionscanta agus le cuideachtaí eile le fás a chur ar a gcuid smaointe. Cuirfidh sé tacaíocht dhíreach ar fáil do lucht nuálaíochta trí bhíthin dhá phríomh-uirlis mhaoinithe, ceann i dtús ama agus an ceann eile don fhorbairt agus leis na táirgí a chur ar an margadh.



Misin Taighde agus Nuálaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh: cuspóirí misniúla uailmhianacha le dul i ngleic leis na ceisteanna a théann i gcion ar ár saol laethúil. I measc na samplaí a dtig leo teacht i gceist, tá an comhrac in aghaidh na hailse, an t-iompar gan truailliú, agus aigéin gan phlaisteach. Déanfar iad a chomhdhearadh le saoránaigh, geallsealbhóirí, le Parlaimint na hEorpa agus Ballstáit.



Is í an Eolaíocht Oscailte an modus operandi a bheidh ag clár 'Fís Eorpach' amach anseo. Rachaidh sé thar an mbeartas oscailte maidir le rochtain ar 'Fís 2020', agus beidh rochtain oscailte ar fhoilseacháin, ar shonraí taighde, agus ar phleananna bainistíochta ag teastáil uaidh.



Glúin nua i bPáirtíochtaí Eorpacha: Faoin gclár 'Fís Eorpach', simpleofar líon na bpáirtíochtaí atá faoi chomhchlár nó faoi chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach i bpáirt le lucht tionsclaíochta, leis an tsochaí shibhialta agus le fondúireachtaí maoinithe.




Simpliú na Rialacha: Méadófar an deimhneacht dhlíthiúil dá bharr seo, agus laghdófar an t-ualach riaracháin atá ar thairbhíthe agus ar riarthóirí clár.



CLÁR A CEAPADH LE CUR LE TIONCHAR

➤ Maidir leis an leithdháileadh buiséid €100 billiún atá molta do 2021-2027, tá €97.6 billiún san áireamh ann faoi chlár 'Fís Eorpach' (suim a ndéanfar €3.5 billiún de a leithdháileadh faoi Chiste InvestEU), agus €2.4 billiún ó chlár Euratom um Thaighde agus Oiliúint. An fhuinneog nuálaíochta atá in InvestEU, is rud é lena gceadófar úsáid iasachtaí, ráthaíochtaí, cothromas agus uirlisí eile atá bunaithe ar an margadh chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a fhorcáoileadh ar réimse na taighde agus na nuálaíochta. Is clár é Euratom lena maoinítear taighde agus oiliúint sa tslándáil agus sa tsábháilteacht núicléach, agus sa chosaint ar radaíocht, agus beidh fócas níos mine ar chlár gan chumhacht ann feasta, cúram na sláinte agus trealamh leighis, cuir i gcás. An clár Euratom a bheidh ann amach anseo, tacóidh sé le soghluaisteacht na taighdeoirí núicléacha freisin faoi Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska Curie

› Is ina trí cholún a chuirfear an clár chun feidhme:



- Tacaíonn **colún na hEolaíochta Oscailte** (€25.8 billiún) le tograí taighde ceannródaíocha arb iad na taighdeoirí féin a dhéanann an sainmhíniú agus an brú chun cinn orthu trí bhíthin na **Comhairle Eorpaí um Thaighde** (€16.6 billiún), agus maoiníonn an colún comhaltachtaí agus malartuithe trí **Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie** (€6.8 billiún), agus déanann sé infheistiú i mbonneagair taighde de scoth an domhain.
- Maidir le **colún na nDúshlán Domhanda agus an Iomaíochais Thionsclaígh** (€52.7 billiún), is rud é sin a thugann tacaíocht dhíreach don taighde a bhaineann le dúshlán shochoaíocha, rud a athneartaíonn acmhainní teicneolaíocha agus tionsclaíocha, agus rud a leagann síos misin ar fud an Aontais Eorpaigh a bhfuil cuspóirí uailmhianacha leo a théann i ngleic le cuid de na fadhbanna is mó dá bhfuil againn. Ar na nithe eile a dtacaíonn sé leo, tá gníomhaíochtaí a mbíonn **an tAirmheán Comhpháirteach Taighde** ina mbun (€2.2 billiún), Airmheán a thacaíonn le lucht déanta beartas an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta le fianaise neamhspleách eolaíoch agus tacaíocht theicniúil.
- Maidir le colún na Nuálaíochta Oscailte (€13.5 billiún), is éard is sprioc dó sin an Eoraip a chur i dtús cadhnaíochta sa nuálaíocht chruthaithe margai trí bhíthin na Comhairle Eorpaí um Nuálaíocht (€10 billiún). Beidh sé ina chúnamh le forbairt a chur ar réimse na nuálaíochta san Eoraip i gcoitinne, agus le tuilleadh neartaithe a dhéanamh ar an **Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht** chun an gnó, an taighde, an t-ardoideachas agus an fhiontraíocht (€3 billiún) a chomhtháthú.
- › De bharr 'Fís Eorpach', dúblófar an tacaíocht chomhroinnt barr feabhais le Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh ag saothrú dóibh le gach leas is féidir a bhaint as a gcuid taighde náisiúnta agus poitéinseal chun nuála.



SIMPLIÚ NA RIALACHA, SIMPLIÚ AN MHAORLATHAIS AR SON NA DTAIRBHITHE

- › Leanfar de phrionsabal an tacair aonair rialacha, ach beidh feabhsuithe breise air
- › Rátaí maoinithe cobhsaí
- › Tuilleadh simplithe ar an tsamhail mhaoinithe
- › Méadú ar úsáid leaganacha simplithe de na deontais nuair is iomchuí sin (cnapshuimeanna san áireamh)
- › Tuilleadh forscaipthe agus saothraithe a dhéanamh ar thorthaí taighde



CUR LE FÓMHAR NA DTORTHAÍ DE BHARR CUR LEIS AN GCOMHAR OIBRE LE CLÁIR EILE DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH

- Cuirfidh ‘Fís Eorpach’ agus clár Euratom um Thaighde agus Oiliúint sineirgí éifeachtacha oibríochtúla chun cinn le cláir eile agus le beartais eile de chuid an Aontais Eorpaigh amach anseo chun forscaipéadh níos tapa a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, mar aon le glacadh na taighde agus na dtorthaí nuálaíochta ar a n-áirítear:
 - **Beartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh**, rud atá ina chuid thábhachtach de na cistí as a dtagann maoiniú ón Aontas Eorpach don Taighde agus don Nuálaíocht, le fócas níos mine ar an nuálaíocht agus ar straitéisí um Speisialú Cliste. An “Séala Scothchleachtas”, rud a mbeidh sé níos éasca dá bharr tionscadail a n-éiríonn leo faoin gclár meastóireachta Fís Eorpach a aithint le go maoiníofar iad ar an leibhéal réigiúnach faoi na Cistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistíochta.
 - **An Ciste Eorpach Cosanta** nua (€13 billiún), ciste a mbainfear €4.1 billiún as le cur i dtreo taighde faoi chúrsaí cosanta, rud a chuirfidh go mór le cumas na hEorpa chun a chuid saoránach a chosaint. Cuirfear deontais ar fáil le haghaidh tionscadail chomhoibríocha a théann i ngleic leis na bagairtí slándála agus cosanta atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo agus a dhúnann na bearnaí teicneolaíochta.
 - Is tionscadal úrnua fadtéarmach é an tImoibreoir Trialach Teirmeánúicléach Idirnáisiúnta (**ITER**) (€6.1 billiún), lena dtógar agus lena n-oibreoifair imoibreoir chun tástáil a dhéanamh ar an bhféidearthacht comhleá a úsáid mar fhoinsé fuinnimh.
 - Cuirfidh an clár **An Eoraip Dhigiteach** (€9.2 billiún) borradh faoin infheistíocht sa ríomhaireacht agus i sonraí ardfeidhmíochta, san intleacht shaorga, sa chibearshlándaíl, agus in ardscileanna digiteacha.
 - Tacóidh **an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa** (€3 billiún) leis an Margadh Digiteach Aonair trí chumais bhunúsacha a thairiscint is féidir a athúsáid i dtogra Eorpach ar bith le seachadadh na seirbhísí digiteacha poiblí a éascú trasna na dtéarmaíochta agus na n-earnálacha.